An Coróinvíreas

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcoróinvíreas. Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- spokesperson
- in quarantine
- security restrictions
- confirmed
- caught/contracted
- upgrade
- that it will spread
- Intensive Care Unit
- a shortage of beds and consultants
- pandemic

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén áit san Iodáil a bhfuil cásanna den choróinvíreas deimhnithe?

2. Cad a bhí le rá ag an Dochtúir Tom Ryan agus ag an Ollamh Martin Cormican faoin scéal?

3. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas?

    - 7
    - 2,600
    - 80,000
    - 12
    - 60
    - 1
    - 79

Ceist 3 '…chun na hIodáile…'

A. Féach ar an sampla agus líon na bearnaí thíos faoi:

An Iodáil
- **san Iodáil**
- **muintir na hIodáile**

An Iaráin
- san _____
- muintir _____

An Iaráic
- san _____
- muintir _____

An tSín
- sa _____
- muintir _____

An Eoraip
- san _____
- muintir _____

B. Roghnaigh ceann amháin de na tíortha thuas agus labhair leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoin tír sin.

Ceist 4 '… thar ceann F**h**eidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte…'

agus

'…ar fud t**h**uaisceart na hIodáile…'

Cad is cúis leis an séimhiú sna samplaí thuas?

Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an leagan ceart de na hainmfhocail sna bearnaí:

1. Thángthas ar eochair (príomhdhoras) (an foirgneamh) maidin inniu.
   _____
2. Beidh mé ag dul chun na Spáinne ag deireadh (mí) (an Meitheamh).
   _____
3. Sin é Uachtarán (Conradh) (an Ghaeilge).
   _____
4. Bhí sé ann le linn (cainteanna) (na páirtithe).
   _____
5. Scaipfear na nuachtáin ar fud (deisceart) (an chathair).

6. Tá m'aintín ag deisiú (méarchlár) (an ríomhaire) faoi láthair.

7. Tá leithreas (foireann) (an bhialann) ar an gcéad urlár.

Ceist 5 '… tolgtha …'

Féach ar an iontráil seo ar www.tearma.ie:

tolg *br*

abr tolgadh, *aidbhr* tolgtha

Cad dó a seasann 'aidbhr'?

Cén 'aidbhr' atá ag na briathra thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Measc
Soláthair
Lig
Pléigh
Eagraigh
Éirigh
Ceannaigh
Freastail

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil tú féin imníoch faoin gcoróinvíreas? Mínigh.
2. Conas mar a mhothófá dá mbeifeá ar coraintín?
3. Cad is féidir leat féin a dhéanamh chun an víreas a sheachaint?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

spokesperson – *urlabhraí*
in quarantine – *ar coraintín*
security restrictions – *srianta slándála*
confirmed – *deimhnithe*
caught/contracted – *tolgtha*
upgrade – *uasghrádú*
that it will spread – *go scaipfidh sé*
Intensive Care Unit – *Aonad Dianchúraim*
a shortage of beds and consultants – *ganntanas leapacha agus comhairleoirí*
pandemic – *paindéim*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

A

An Iaráin
- san Iaráin
- muintir na hIaráine

An Iaráic
- san Iaráic
- muintir na hIaráice

An tSín
- sa tSín
- muintir na Síne

An Eoraip
- san Eoraip
- muintir na hEorpa

B

Cleachtadh cainte atá sa chuid seo den cheist.

Ceist 4

Nuair a thagann ainmfhocal cinnte sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocal **eile** atá faoi réir ag focal nó ag leagan a leanann an ginideach é, fágtar an t-ainmfhocal **eile** sin gan infhilleadh (gan aon athrú) agus séimhítear é. 'Foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh' a thugtar ar an ngné seo den ghramadach.

1. Thángthas ar eochair phríomhdhoras an fhoirgnimh maidin inniu.
2. Beidh mé ag dul chun na Spáinne ag deireadh mhí an Mheithimh.
3. Sin é Uachtarán Chonradh na Gaeilge.
4. Bhí sé ann le linn chainteanna na bpáirtithe.
5. Scaipfear na nuachtáin ar fud dheisceart na cathrach.
6. Tá m'aintín ag deisiú mhéarchlár an ríomhaire faoi láthair.
7. Tá leithreas fhoireann na bialainne ar an gcéad urlár.

Ceist 5

An aidiacht bhriathartha

Measc – measctha
Soláthair – soláthartha
Lig – ligthe
Pléigh – pléite
Eagraigh – eagraithe

Éirigh – éirithe
Ceannaigh – ceannaithe
Freastail – freastalta

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá seachtar anois tar éis bháis san Iodáil leis an gcoróinvíreas. Agus tá an líon daoine atá tar éis an víreas a tholgadh i dtuaisceart na tíre ag méadú (go) seasta. Dúirt urlabhraí thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le nuacht TG4 inniu go bhfuil réamhobair go leor déanta le dul i ngleic leis an víreas sa gcás is go scaipfeadh sé chun na tíre seo.

Caoimhe Ní Laighin
Tá bailte ar fud thuaisceart na hIodáile fós ar coraintín inniu. Tá srianta slándála i bhfeidhm le scaipeadh an víris a chosc. Deir saineolaithe in Éirinn go bhfuil sé sábháilte go leor dul chun na hIodáile ar saoire, ach na réigiúin i dtuaisceart na tíre, an Lombaird mar shampla, a sheachaint. Tá Aer Lingus fós ag rith a gcuid eitiltí chuig na cinn scríbe[1] ar fad san Iodáil.

Ní fios go fóill cén chaoi ar tugadh an víreas isteach san Iodáil. Is í an Iodáil an tír Eorpach ina bhfuil an líon is mó de chásanna den víreas deimhnithe.

Tá 2,600 duine marbh dá bharr ar fud an domhain. Tá sé tolgtha ag beagnach 80,000 duine, sa tSín a bhformhór. Deir an Iaráin go bhfuil 12 marbh agus go bhfuil an víreas ar bhreis agus 60 duine. Tá cás deimhnithe san Iaráic freisin.

Rinne an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú uasghrádú inniu ar an mbaol atá ann go scaipfidh sé ar fud na hEorpa.

Dúirt an Dochtúir Tom Ryan, comhairleoir san Aonad Dianchúraim in Ospidéal San Séamas, go gcruthódh an coróinvíreas fadhb ollmhór sa tír seo, mar go bhfuil ganntanas leapacha agus comhairleoirí ospidéil sa tír seo faoi mar atá cúrsaí cheana féin.

Ach, dúirt urlabhraí thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil go leor réamhoibre déanta le dul i ngleic le cásanna den víreas anseo.

An tOllamh Martin Cormican, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
An rud is tábhachtaí ná go n-aithníonn muid go tapa más rud é go bhfuil cás anseo agus go ndéanfaidh muid ár ndícheall chun smacht a chur air go tapa.

Caoimhe Ní Laighin
Rinneadh tástáil in Éirinn ar 79 duine a raibh amhras go raibh an víreas tolgtha acu, ach níl aon chás deimhnithe anseo go fóill. Deir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhfuil sé róluath a fhógairt gur paindéim atá i gceist.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *na ceann scríbhinní* a dúradh